
# Tuarascáil Riosca Oifige – Lúnasa 2023

Tá próiseas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Oifig, agus coiste bainistíochta riosca (RMC) aici ina bhfuil an triúr stiúrthóirí a dhéanann maoirseacht ar an bpróiseas. Tagann RMC le chéile gach ráithe agus déanann sé measúnú ar an dul chun cinn maidir le bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a thaifeadtar ar chlár rioscaí na hOifige agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Mar chuid den phróiseas bainistíochta riosca laistigh den Oifig, foilsíonn RMC an clár rioscaí corparáideacha ar an Idirlíon gach ráithe ina leagtar amach na 10 riosca is mó a léirítear ar 'theasléaráid déine' riosca. Is iad sin na rioscaí 'iarmharacha', agus rialuithe maolaitheacha curtha san áireamh. Tá míniú achomair ar gach riosca sa tábla atá i gceangal leis seo. Tá measúnú foriomlán RMC ar an dul chun cinn i mbainistiú na rioscaí a rátáiltear mar 'ard' tugtha sa roinn 'conclúidí'.




| Rangú | Riosca |
|---|---|
| 1 | Ganntanas foirne agus d'fhéadfadh nach n-uasmhéadófaí an acmhainneacht reatha foirne |
| 2 | Impleachtaí don Oifig mar thoradh ar fhorálacha ábhartha atá i reachtaíocht atá ar feitheamh |
| 3 | Nochtaí a rinneadh leis an Oifig nó faoin Oifig nár tugadh freagra cuí orthu |
| 4 | Coinneáil agus eisiúint mhíchuí sonraí |
| 5 | Mainneachtain oibleagáidí corparáideacha a chomhlíonadh maidir le gníomhú ar son na haeráide |
| 6 | Córais TFC neamhéifeachtacha as a dtiocfaidh neamhábaltacht ár ngnó a oibriú nó a bhainistiú go héifeachtach |
| 7 | D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag acmhainneacht comhlachtaí iniúchta ar an gcumas iniúchtaí agus scrúduithe a éascú |
| 8 | Fágann droch-chumarsáid le comhlachtaí iniúchta go gcailltear muinín as an Oifig |
| 9 | D'fhéadfadh geallsealbhóirí a mheas nach leor na spriocanna deimhniúcháin agus/nó an t-aschur iniúchóireachta feidhmíochta |
| 10 | Sláinte agus sábháilteacht foirne mar gheall ar riachtanais níos casta |

## Conclúidí ó RMC

Ní mheasann RMC go bhfuil aon rioscaí iarmharacha ardrátáilte ann faoi láthair. Rinne RMC athbhreithniú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le rioscaí a bhainistiú mar a leagtar amach sna gníomhaíochtaí láimhseála riosca agus bhreithnigh sé rioscaí atá ag teacht chun cinn agus a tuairiscíodh. Níor tuairiscíodh aon rioscaí ar an gcóras tuairiscithe riosca.

Is é conclúid fhoriomlán RMC i mí Lúnasa 2023 gurb é an riosca iarmharach is airde atá roimh an Oifig ná go mbeidh ganntanas foirne ann nó go bhféadfadh sé nach n-uasmhéadófaí an acmhainneacht reatha foirne. Baineann an chéad dá riosca is suntasaí eile le himpleachtaí na bhforálacha ábhartha sa reachtaíocht atá ar feitheamh agus leis an ngá atá ann freagra cuí a thabhairt ar nochtaí a dhéantar leis an Oifig nó faoin Oifig.